# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# SEAPÁINIS

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 marc)
(leathmharcanna má fhreagraítear i script romaji nó Seapáinise)

**CUID A** **(24 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | **(i)** | **fearthainn** | 3 mharc |
| | **(ii)** | **(b) go dtí an phictiúrlann** | 3 mharc |
| 2. | **(i)** | **(d) ag sciáil** | 3 mharc |
| | **(ii)** | **(a) chuig foinse the** | 3 mharc |
| 3. | **(i)** | **(a) chun na trá** | 3 mharc |
| | **(ii)** | **8 a chlog** | 3 mharc |
| 4. | **(i)** | **(d) imreoidh sé cluiche** | 3 mharc |
| | **(ii)** | **seaicéad / seaicéad lomra** | 3 mharc |

**CUID B** **(26 marc)**

1. Comhairle an Dochtúra Tanaka do mhic léinn maidir le saol folláin **(9 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **(c) bricfeasta a ithe** | 3 mharc |
| (ii) | **(b) 30 nóiméad** | 3 mharc |
| (iii) | **(a) uisce** | 3 mharc |

2. Óstán Hyatt – linn snámha nua **(17 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **Kobe** | 1 mharc |
| (ii) | **20 méadar / linn snámha do pháistí / seomra allais / tobán cuilithe / 7ú hurlár / radharc álainn** **(ceann ar bith)** | 4 mharc |
| (iii) | (d) **an fharraige** | 4 mharc |
| (iv) | (c) **2000 yen** | 4 mharc |
| (v) | (06-81 **0**) – (4 **545)** (1 mharc ar gach uimhir cheart) | 4 mharc |

**CUID C (26 marc)**

1. **(10 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **(b) ramhar agus spéaclaí air** | 3 mharc |
| (ii) | **(c) gramadach agus trialacha** | 3 mharc |
| (iii) | *Cad a cheapann sí den mhúinteoir?*<br>**Ní maith léi é / tá an ghráin aici air / deir sí nach féidir leis teagasc / níl an rang suimiúil** (ceann ar bith) | 4 mharc |

2. Ag oifig rúnaí na scoile **(9 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **(a) mála scoile** | 3 mharc |
| (ii) | **(a) gorm** | 3 mharc |
| (iii) | **téacsleabhair / foclóir Fraincise / cás peann luaidhe / tiachóg / (bosca) lóin (bento)**<br>Rud ar bith | 3 mharc |

3. Treoracha **(7 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | (d) **go dtí an chógaslann** | 3 mharc |
| (ii) | (an chéad choirnéal eile) **cas ar dheis / siúil (díreach ar aghaidh) ar feadh 2 nóiméad / ar thaobh na láimhe clé / in aice leis an mbanc**<br>Sonra ar bith | 4 mharc |

**CUID D (24 mharc)**

1. *Cén áit sa tSeapáin arb as dó?*

   **Chiba** (malairtí litrithe) — 1 mharc

2. *Cén bhliain ina bhfuil sé ar an gcoláiste?*

   **3ú** — 3 mharc

3. *Scríobh síos caitheamh aimsire* ***amháin*** *atá ag Kenta.*

   **Surfáil / ag scríobh blaganna** — 3 mharc

4. *Téann sé ar scoil*

   (d) **ar rothar** — 3 mharc

5. *Scríobh síos lá* ***amháin*** *den tseachtain a dtéann sé ar scoil Bhéarla.*

**Dé Céadaoin** nó **Dé hAoine** 3 mharc

6. *Cén fáth ar roghnaigh sé teacht go hÉirinn?*

**(c) is beag Seapánach atá ann** 3 mharc

7. *Luaigh rud amháin a thaitníonn leis faoi Éirinn.*

**Tá daoine cairdiúil / go deas / a lán áiteanna áille / Tá Gaillimh go deas / is maith leis Gaillimh / is maith leis Bóthar na Trá / an aimsir / surfáil / níl mórán Seapánach ann**

3 mharc

8. *Luaigh rud* ***amháin*** *faoin tSeapáin a bhraitheann sé uaidh.*

**Siopaí áise** nó **bialanna Seapánacha** 3 mharc

(bialanna, 1 mharc)

9. *Cén mhí a bhfillfidh sé ar an tSeapáin?*

**Lúnasa** 2 mharc

**LÉAMHTHUISCINT 120 marc**
**(Leathmharcanna mura bhfreagraítear sa teanga a shonraítear.)**

**C.1 (35 marc)**

A: *Scríobh uimhir na háite inar féidir iad seo a leanas a dhéanamh?* **(15 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | *Trampailín* | **4** | 3 mharc |
| (ii) | *Badmantan* | **2** | 3 mharc |
| (iii) | *Clár Scátála* | **1** | 3 mharc |
| (iv) | *Dairteanna* | **8** | 3 mharc |
| (v) | *Cispheil* | **3** | 3 mharc |

**(20 marc)**
B: Cé acu foirgneamh (príomhfhoirgneamh nó fortheach) ina bhfuil siad seo a leanas agus cén t-urlár ar a bhfuil siad?

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) *Bialanna* | príomhfhoirgneamh | (2 mharc) | 9 / B1 (2 mharc) |
| (ii) *Starbucks* | fortheach | (2 mharc) | 1 (2 mharc) |
| (iii) *Éadaí páistí* | príomhfhoirgneamh | (2 mharc) | 5 (2 mharc) |
| (iv) *Siopa leabhar* | fortheach | (2 mharc) | 2 (2 mharc) |
| (v) *Siopa peataí* | príomhfhoirgneamh | (2 mharc) | 8 (2 mharc) |

**C.2 (32 marc)**

**A. (12 mharc)**

**1.** **(i)** *Susan* **Totoro** (2 mharc)

**(ii)** *Sarah* **Hello Kitty** (2 mharc)

**(iii)** *Harry* **Doraemon** (2 mharc)

**(iv)** *Tom* **Super Mario** (2 mharc)

**2. Dhá cheann ar bith, 2 mharc an ceann** (4 mharc)

**(i)** *Sarah* **Giotár leictreach** (Giotár 1 mharc)

*Tom* **T-léine**

**(ii)** *Susan* **Sayama**

*Harry* **Kawasaki**

**B. (15 mharc)**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | *Tá Totoro ina chónaí cois farraige.*<br>トトロは森の中にすんでいます。1 mharc | **Bréagach**<br>2 mharc |
| 2. | *Tá músaem bunaithe ar Doraemon sa tSeapáin.*<br>（日本のかわさきに）ドラえもんミュージアムがあります。<br>1 mharc | **Fíor**<br>2 mharc |
| 3. | *Cheannaigh Tom a chuid earraí ar an idirlíon.*<br>All Super Mario のウェブサイトでかいました。1 mharc | **Fíor**<br>2 mharc |
| 4. | *Fuair Sarah a cuid earraí dá lá breithe.*<br>きょねんのクリスマスプレゼントでした。1 mharc | **Bréagach**<br>2 mharc |
| 5. | *Tá dath dearg agus dubh ar an earra atá ag Sarah.*<br>あかとくろのエレキギターです。1 mharc | **Fíor**<br>2 mharc |

**C. Cultúr agus sochaí na Seapáine.** (5 mharc)

Freagair i **nGaeilge**.

*Tá an-tóir ar charachtair Sheapánacha i measc daoine óga in Éirinn. Déan sin a phlé.*

2 mharc an ceann as aon dá phointe + 1 mharc lánroghnach

**C.3 (53 marc)**

**A. (23 marc)**

**1. (8 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| *Rikako* | **A** | 2 mharc |
| *Deirfiúr Rikako* | **B** | 2 mharc |
| *Athair Rikako* | **AB** | 2 mharc |
| *Máthair Rikako* | **O** | 2 mharc |

**2. (9 marc)**

(i) *りか子さんはどんなえいがが好きですか。*

ロマンチック 3 mharc

(ii) りか子さんのかぞくで、だれがわがままですか。

おねえさん/ あね 3 mharc (私のあね 2 mharc)

(iii) AB型(がた)は、どんな人ですか。

アーティスト・タイプ/ しゅみがたくさんあります 3 mharc

**3. (6 mharc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | b. go Meiriceá | 2 mharc |
| (ii) | a. cóisireacht | 2 mharc |
| (iii) | c. an teilifís | 2 mharc |

**B. (10 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) 大好き | a. だいすき | 1 mharc |
| (ii) 元気 | b. げんき | 1 mharc |
| (iii)四つ | a. よっつ | 1 mharc |
| (iv)見ます | d. みます | 1 mharc |

| | | |
|---|---|---|
| (v) 母 | b. はは | 1 mharc |
| (vi)本 | c. ほん | 1 mharc |
| (vii) 読みます | a. よみます | 1 mharc |
| (viii) 父 | c. ちち | 1 mharc |
| (ix)行きます | d. いきます | 1 mharc |
| (x) 一人 | a. ひとり | 1 mharc |

**C. (10 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | です。 | 2 mharc |
| (ii) | します。 | 2 mharc |
| (iii) | 住(す)んでいます。 | 2 mharc |
| (iv) | もしろいです。 | 2 mharc |
| (v) | じゃありません。／すきじゃないです | 2 mharc |

**D. (10 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | a. を | 2 mharc |
| (ii) | c. の | 2 mharc |
| (iii) | b. と | 2 mharc |
| (iv) | a. から | 2 mharc |
| (v) | a. に | 2 mharc |

**OBAIR SCRÍOFA (80 marc)**

**C.4 (30 marc) Níl cead an focal céanna a úsáid faoi dhó.**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 好き | 3 mharc |
| (ii) | 二年生 | 3 mharc |
| (iii) | します | 3 mharc |
| (iv) | クラス | 3 mharc |
| (v) | 先生/クラス | 3 mharc |
| (vi) | べんとう | 3 mharc |
| (vii) | 飲みます | 3 mharc |
| (viii) | おいしい/好き | 3 mharc |
| (ix) | ともだち/ せんせい/ ２年生/クラス | 3 mharc |
| (x) | 何 | 3 mharc |

**C.5 （50 marc）**

10 marc an ceann d'aon 5 cheist a fhreagraítear.

5 mharc don ábhar; 5 mharc don chumas teanga.

(i) *何さいですか。*
(ii) *どこにすんでいますか。*
(iii) *何人かぞくですか。*
(iv) *しゅみは何ですか。*
(v) *しゅうまつ、何をしますか。*
(vi) *日本語が好きですか。*(2 mharc) *どうしてですか。*(3 mharc)
(vii) *しょうらい、何をしたいですか。*

**Marcanna don ábhar:**

| | |
|---|---|
| 5 mharc: | An cheist a fhreagairt le roinnt faisnéise breise |
| 3-4 mharc: | An cheist a fhreagairt ina hiomláine |
| 2 mharc: | An cheist a fhreagairt i bpáirt |
| 1 mharc: | Freagra an-ghearr ar cheisteanna |

**Marcanna don Chumas Teanga:**

Cumas Teanga: Marcáilte as **5** le haghaidh gach ceiste sa chás gurb é 4 nó 5 an marc don ábhar.

Sa chás go bhfuil an marc don ábhar faoi 4, marcáil an cumas scríofa as 3.
Féach ar an tábla thíos.

AN CUMAS TEANGA a mharcáil le haghaidh **Cheist 5**

Earráidí Cuir ciorcal i ndearg thart ar earráidí atá athdhéanta, ná gearrtar pionós an dara huair.

Cuir **T** ciorclaithe le haghaidh earráidí maidir le húsáid aimsire, **R** d'úsáid mhícheart sainréime

Bain úsáid as **líne neamhdhroimíneach** nuair atá úsáid mhícheart á baint as Hiragana, Katakana, Kanji agus nuair a bhíonn an script doléite,
poncaíocht mícheart, stór focal míchruinn.

Cuir líne faoi bhotúin eile, ag cur líne dhúbailte faoi earráidí in ord na bhfocal.

Cuir w.o. ar an imeall clé d'earráidí in ord na bhfocal.

N.B. Bain úsáid as lúibíní cearnacha d'ábhar neamhábhartha [……]

| | Tuairisc ar an gcatagóir |
|---|---|
| 1 | **Stór focal** thar a bheith neamhdhóthanach; úsáid mhícheart as **Hiragana** agus **Katakana**; scríbhneoireacht doléite; cuid mhór úsáide bainte as **Romaji**; úsáid bainte as raon an-teoranta struchtúr.<br>**Poncaíocht** lag.<br>Earráidí tromchúiseacha **gramadaí**:<br>Foirmeacha na **mbriathra** agus na **n-aidiachtaí** mícheart go ginearálta; **páirteagail** mícheart go ginearálta; **aimsirí** neamhréireach, neamhoiriúnach |
| 2-3 | **Stór focal**, úsáid maith go leor – leordhóthanach agus oiriúnach go ginearálta le b'fhéidir roinnt nathanna dúchasacha Seapáinise. Úsáid oiriúnach agus cheart bainte as **Hiragana** agus **Katakana** gan ann ach corr-earráid; úsáid leordhóthanach bainte as **Kanji.** Úsáid bainte as raon leordhóthanach struchtúr.<br>**Poncaíocht** sách maith.<br>Gan ach beagán earráidí tromchúiseacha **gramadaí** / mionearráidí **gramadaí** go minic:<br>**Foirmeacha na mbriathra agus na n-aidiachtaí, aimsirí, páirteagail** ceart den chuid is mó den am. |
| 4-5 | **Stór focal**, úsáid mhaith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Gan ach beagán earráidí in **ord na bhfocal.** Gan aon earráidí nó fíorbheagán earráidí in úsáid **Hiragana** agus **Katakana**. Úsáid mhaith bainte as **Kanji**. Úsáid bainte as raon leathan struchtúr. Úsáid mhaith bainte as Genkouyoushi.<br>An **phoncaíocht** ceart.<br>An **ghramadach** ceart go ginearálta:<br>Leibhéal maith cruinnis i **bhfoirmeacha na mbriathra** agus na **n-aidiachtaí**, **aimsirí** agus **páirteagail**. |

N.B. Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (E = Cumas Teanga) le hobair an iarrthóra a shuíomh sa chatagóir is oiriúnaí.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 300 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán